**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — "Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha"**

**(COM(2022) 495 final – 2022/0302 (COD))**

(2023/C 140/06)

Rapóirtéir: **Émilie PROUZET**

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | Parlaimint na hEorpa, 17.10.2022 |
| | An Chomhairle, 28.10.2022 |
| Bunús dlí | Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| Rannóg atá freagrach | An Margadh Aonair, an Táirgeacht agus an Tomhaltas |
| Cinneadh ón mBiúró | 20.9.2022 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 24.1.2023 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 575 |
| Toradh na vótála | |
| (ar son/in aghaidh/staonadh) | 156/0/2 |

## 1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Admhaíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ábharthacht an chórais dliteanais shibhialta atá leagtha amach sa togra ón gCoimisiún, córas a fhágann go bhfuil cúiteamh le fáil ag gach saoránach as dochar a tharlódh dó de bharr táirge a bheith lochtach. Tá méadú ar an láimhseáil atá na breithiúna a dhéanamh ar na hiarmhairtí atá ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn, rud a chuireann tuilleadh ábharthachta sa chóras.

1.2. An chothromaíocht a athbhunú idir cearta an mhonaróra agus cearta an té a ndéanfaí an dochar dó, sin é is bunchuspóir do chóras dliteanais saor ó locht. Iarrann CESE ar na comhreachtóirí agus ar na húdaráis náisiúnta an chothromaíocht atá ann mar gheall ar an togra seo a choinneáil ar bun nuair a ghlacfar é agus nuair a thrasuífear é.

1.3. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE leis an ngá atá ann deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do chách: don ghearánach trí rochtain ar chreat dlíthiúil simplithe chun cúiteamh a fháil, agus don mhonaróir ionas gur féidir leisean leanúint air ag nuálaíocht maille le heolas faoi na freagrachtaí atá air agus a chuid rioscaí á thabhairt san áireamh aige.

1.4. Admhaíonn CESE gur freagra ar éilimh éagsúla tomhaltais atá san athbhreithniú ar an treoir, freagra ar shainaithint an duine atá freagrach a éascú, cuir i gcás, sin agus freagra ar éascú na rochtana ar fhaisnéis agus ar chúiteamh, nó ar leitheadú an chumhdaigh le damáiste digiteach agus síceolaíoch a thabhairt faoina scáth.

1.5. Admhaíonn CESE gur gá an córas sin a chur in oiriúint do na dúshláin dhigiteacha atá ann, agus tacaíonn sé leis na bearta a mholtar sa togra seo chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE le cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an Intleacht Shaorga (IS) a chumhdach sa togra seo trí bhíthin córas dliteanais saor ó locht, sin agus trí bhíthin córas dlisteanais nach bhfuil saor ó locht, sa togra le haghaidh treoir chomhthreomhar. Tá béim aige freisin ar an ngá le bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de i mbainistiú na bhfreagrachtaí atá ag gabháil leis an táirge.

1.6. Is éard atá CESE a iarraidh go ndéanfaí an togra a ailíniú leis an *acquis communautaire* maidir le sainmhínithe agus ordlathas na bhfreagrachtaí, ach go ndéanfaí é a shimpliú chomh maith ar bhealach atá comhsheasmhach leis an reachtaíocht atá á glacadh faoi láthair.

1.7. De bhreis air sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh níos mó comhsheasmhachta ann i bhfoclaíocht na hoibleagáide céanna, rud a chuirtear i láthair ar bhealaí éagsúla sna téacsanna dlíthiúla éagsúla. Molann CESE go ndéanfaí na bearta a shimpliú seachas a dhúbailt, go háirithe trí thagairt a dhéanamh do na hoibleagáidí atá ann cheana nó trí leitheadú na n-oibleagáidí sin.

2. **Cúlra**

2.1. Nuashonrú a dhéanamh ar an gcóras dliteanais Eorpach saor ó locht dar dáta 1985, sin é is aidhm don togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le dliteanas táirgí, sin agus don athbhreithniú ar an Treoir maidir le rialacha faoi dhliteanas na hintleachta saorga. Is é is aidhm don dá thogra an creat sin a chur in oiriúint do na haistrithe i dtreo córas digiteach agus i dtreo na hinbhuanaitheachta atá ag tarlú faoi láthair. Dá bhrí sin, is éard is aidhm do na rialacha nua an deimhneacht dhlíthiúil is gá a thabhairt do na táirgeoirí ionas go dtiocfaidh leo a bheith nuálach, agus an deimhneacht chéanna a thabhairt don ghearánach chun cásanna eile damáiste agus mainneachtana a chumhdach, ionas go mbeidh de chinnteacht ann go bhfuil duine inniúil ar fáil ar leibhéal na hEorpa, sa riocht go bhféadfaí cúiteamh a iarraidh ina dhiaidh sin i gcúirt dlí.

2.2. Ó thaobh an chleachtais de, tá sé de cheanglas ar na Ballstáit an Treoir rialacha sonracha a chur i dtoll a chéile maidir leis an dliteanas sibhialta. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh gach **duine nádúrtha** cúiteamh a fháil i gcás caillteanas ábhartha a bhaineann le damáiste arb é an locht ar an táirge ba chúis leis. *A priori*, is le díobháil chorpartha agus i gcásanna áirithe le damáiste tromchúiseach do mhaoin agus do shealús an duine (PLD) a bhaineann formhór mór na n-éileamh faoi scáth na Treorach. Na héilimh nach bhfuil i gceist leo ach cúiteamh ar bheagán costais, is iondúil gur ar bhonn cairdeasa a réitítear iad. Dá bhrí sin, is i gcomhthéacs comhaontú cairdiúil atá feidhm ag forálacha na Treorach maidir le táirgí atá lochtach, sin agus i gcomhthéacs nós imeachta réitigh lasmuigh den chúirt (*réiteach malartach díospóide/réiteach díospóide ar líne*), sin nó i gcomhthéacs nós imeachta dlíthiúil ([1]). Chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar na cásanna a mbítear ag déileáil leo, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise agus staitisticí a fháil maidir le cásanna a ndéileáiltear leo trí réiteach malartach díospóide nó réiteach díospóide ar líne.

2.3. Na héilimh atá á ndéanamh ar dhliteanas de bharr táirge a bheith lochtach, sin ceann de na cineálacha éilimh is tapúla atá ag dul i líon san Aontas. Ar bhonn na mbreithiúnas cúirte atá bunaithe ar nós imeachta den chineál seo, sin agus ar na díospóireachtaí a bhí ann le tamall anuas maidir leis na **rioscaí atá ag teacht i dtreis faoi láthair**, seo a leanas na táirgí agus na damáistí a mbítear ag díriú orthu inniu: an aispeist, vacsaíní, lotnaidicídí, bisfeanól A, agus ópóidigh ([2]), mar aon le tonnta leictreamaighnéadacha i gcomhair daoine leictrea-íogaire, sin nó faitíos roimh ailse de dheasca nochtadh do shubstaint ghuaiseach ([3]). Mar gheall ar an méadú ar líon na rioscaí atá ag teacht i dtreis le blianta beaga anuas, is riachtanach an rud córas dá shórt sin a bheith ann. Tuigeann CESE go mbeidh dúshláin le sárú san am atá romhainn, dúshláin a bhféadfaí an córas seo a chur i bhfeidhm orthu, agus dá bhrí sin tá sé ag iarraidh ar na geallsealbhóirí uile sa reachtaíocht seo aird a thabhairt ar an gcomhthéacs.

2.4. Cúis mhór eile imní is ea nach mór go n-éireodh leis an téacs nua seo creat dlíthiúil a choimeád lena dtugtar **deimhneacht dhlíthiúil** do gach gníomhaí (idir éilithe agus chosantóirí). Is mithid a áirithiú nach gcaithfear amhras ar bhunsraith acquis an Chomhphobail (sainmhíniú, an dlí sibhialta, etc.).

2.5. Ní mór dúinn a áirithiú freisin go mbeidh **cothromaíocht** sa phróiseas idir ár gcuid cuspóirí Eorpacha maidir le tacú le **nuálaíocht** thionsclaíoch agus theicneolaíoch agus **cosaint** na dtomhaltóirí agus cúiteamh cothrom cóir as an damáiste a dhéantar. Faoi mar a mheabhraigh ([4]) an Coimisiún, an creat atá beartaithe níor cheart go gcuirfeadh sé isteach ar chur chun feidhme Straitéis Tionsclaíochta an Aontais, straitéis a glacadh le déanaí. San am céanna, ní mór don Aontas an leibhéal is airde cosanta a chinntiú do thomhaltóirí agus do shaoránaigh na hEorpa.

2.6. Ar an ásc deiridh, is é is aidhm don Treoir seo reachtaíocht na mBallstát a thabhairt chun comhchuibheachta. Tá tábhacht mhór leis an gcomhchuibhiú sin mar ní hé go dtagann clabhsúr ar na cásanna atá cumhdaithe ag an gcóras dliteanais sin ag na teorainneacha atá idir na Ballstáit. Dá bhrí sin, ní mór comhchuibhiú uasta a dhéanamh ionas gur rud optamach a bheidh ann, agus ní mór go mbeadh bearta soiléire dea-shainithe i gceist ann.

3. **Barúlacha ginearálta maidir leis an ngá atá le comhsheasmhacht idir an togra agus an acquis communautaire a áirithiú**

3.1. **Raon feidhme an-leathan le cur chun feidhme go comhsheasmhach ar an leibhéal náisiúnta**. Téann an dréacht-treoir chun tairbhe d'aon duine nádúrtha a ndearnadh damáiste dó mar thoradh ar locht nó fabht a bhí ar tháirge más mian leis an duine sin cúiteamh a iarraidh ar mhonaróir an táirge. Dá bhrí sin, níl aon cheist anseo maidir le tomhaltóirí ná úsáideoirí deiridh, B go B nó B go C. Mar sin féin, bhain cuid de na Stáit úsáid as an leagan bunaidh den Treoir i gcás díospóidí idir fostaithe agus fostóirí nó idir gairmithe agus gairmithe eile, rud a chumhdaíonn córais dlisteanais eile seachas na córais dlisteanais saor ó locht. Ba mhaith le CESE aird na n-údarás a tharraingt ar chur chun feidhme agus ar thrasuí cuí na scéime sin.

---

([1]) Féach na meastacháin a rinneadh i gcomhthéacs mheasúnú tionchair an Choimisiúin Eorpaigh.

([2]) Tá an scéal sin á phlé agus á chíoradh, go háirithe i measc mhuintir na Sualainne. I rith na 10 mbliana roimh Chovid-19, tugtar faoi deara gur tháinig méadú thar 150 % ar thomhaltas na n-ópóideach sa Fhrainc.

([3]) Admhaíonn an Fhrainc go mbeadh cúiteamh ag dul do dhuine de dheasca na himní dá dtarlódh gur chúis imní dó aicíd a theacht air lá ab fhaide anonn sa saol. Is cosúil go bhfuil an Spáinn agus an Iodáil iad féin ag iarraidh géilleadh d'fhasach na Fraince. Is admháil í seo a ndearnadh talamh slán di in 2019 i gcás a nochtfaí duine don aispeist, agus cuireadh léi go gairid ina dhiaidh sin, rud a fhágann go bhfuil gach substaint ghuaiseach agus gach táirge guaiseach san áireamh ann ó shin. Is amhlaidh a cuireadh cosc ar an aispeist dá bharr sin i 1997, ach 20 bliain dar gcionn is láidir atá riosca an chúitimh ann fós do chuideachtaí an Aontais.

([4]) I mí Eanáir 2020, le linn éisteacht a bhí eagraithe ag an gCoimisiún Eorpach faoi athbhreithniú na Treorach maidir leis an dliteanas i leith táirgí, mheabhraigh an Coimisiún gur ríthábhachtach an t-ábhar é sin chun acmhainneacht thionsclaíoch an Aontais a neartú ionas go mbeidh flaithiúnas teicneolaíochta dá chuid féin aige, agus chun buntáiste na hiomaíochta a thabhairt do na táirgeoirí chun nuálaíocht a dhéanamh agus chun dul san iomaíocht leis an tSín agus leis na Stáit Aontaithe.

3.2. **Tá roinnt sainmhínithe ann nár mhór a shoiléiriú ar mhaithe le comhleanúnachas an chórais**. In Airteagal 4, ní mór na sainmhínithe ar "chomhpháirt", ar "mhonaróir" agus ar "tháirge" a nascadh le chéile mar is nithe iad sin go léir a luaitear in Airteagal 7 ina sainítear dliteanas an oibreora. In Airteagal 4(10), ba cheart tagairt a dhéanamh sa sainmhíniú ar an "gcur i mbun seirbhíse" don chéad úsáid a bhaineann an t-úsáideoir deiridh aisti faoi mar atá sa Treoir ghorm agus i reachtaíocht chomhchuibhithe eile. Tá tábhacht le dáta na chéad úsáide toisc gurb é an dáta sin an bunús atá leis na tréimhsí teorann. Ar an ásc deiridh, in Airteagal 6, ní mór an tuiscint ar an rud is úsáid táirge ann a ailíniú le reachtaíocht an Aontais. Más mí-úsáid a bhaintear as an táirge, ní féidir dul faoi chomaoin na mí-úsáide sin chun an locht a mheas ná a chruthú. Ní féidir dul faoina chomaoin ach oiread chun chomhréireacht agus sábháilteacht na dtáirgí atá cumhdaithe ag reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a mheas, rud is fíor i gcás na mbréagán, mar shampla. Faoi mar a mheabhraítear sa Treoir ghorm, is nuair a úsáidtear táirgí a chuirtear ar fáil nó a chuirtear chun seirbhíse ar an margadh chun na críche atá beartaithe dóibh atá feidhm ag reachtaíocht Eorpach um chomhchuibhiú. Pé scéal ar domhan é, ní féidir an monaróir a chur faoi dhliteanas i leith damáiste a eascraíonn as mí-úsáid táirge.

3.3. **Ordlathas na bhfreagrachtaí idir na hoibreoirí eacnamaíocha, ní mór é a bheith comhréireach leis an ról atá acu féin sa slabhra**. Is díol sásaimh do CESE go n-áirítear sa togra na gníomhaithe éagsúla atá freagrach as an gcomhlíonadh agus an tslándáil, faoi mar a shainítear i Rialachán (AE) 2019/1020 ([5]) agus sa togra le haghaidh an Rialacháin um sheirbhísí digiteacha ([6]). Ar an dul sin, déanann an togra ailíniú ar an dliteanas maidir le comhréireacht agus sábháilteacht na dtáirgí leis an gcóras dliteanais i leith táirgí lochtacha nó fabhtacha. Mar sin féin, ní chloíonn Airteagal 7(2) le hordlathas na ról agus na bhfreagrachtaí arna mbunú sa chreat Eorpach i gcomhair táirgí comhchuibhithe ([7]). Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart Airteagal 7(2) a athbhreithniú chun ordlathas na n-oibreoirí a léiriú go soiléir, ní hionann agus an dliteanas comhpháirteach atá orthu.

## 4. **Measúnú ar bhearta chun freastal ar éilimh na ndaoine a dtarlódh go ndéanfaí dochar dóibh**

4.1. Tá bearta go leor ann feasta a fhágann gur cinnte gur féidir an t-oibreoir a bhfuil freagracht an chúitimh air a aimsiú. Ar an gcéad dul síos, tharlódh gurbh é monaróir an táirge mar aon le monaróir na comhpháirte ba chúis leis an locht a bhí ar an táirge atá faoi dhliteanas go comhpháirteach. Is mór ag CESE gur cuid de mholtaí BEUC (Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí) an fhreagracht dhúbailte sin ([8]). Ar an dara dul síos, tá feidhm ag ordlathas an dliteanais idir oibreoirí eacnamaíocha, oibreoirí a bhfuil baint acu le slabhra soláthair an táirge atá lochtach. Má tá an chéad duine atá freagrach as láthair, is ar an duine atá taobh thíos de sa slabhra soláthair a bheidh an fhreagracht. Mura bhfuil monaróir san Aontas, d'fhéadfaí an t-allmhaireoir a chur faoi dhliteanas nó ar shlí eile d'fhéadfaí an t-ionadaí údaraithe/an t-ionadaí a chur faoi dhliteanas. Ar an dul céanna, braitheann freagracht an dáileora agus freagracht an mhargaidh ar an acmhainn atá iontu faisnéis a chur ar fáil faoina gcuid soláthraithe/trádálaithe.

4.2. Admhaíonn CESE gur fusaide sainaithint an duine atá freagrach ar an margadh Eorpach an dá bheart agus, dá bhrí sin gur fusaide an rochtain ar chúiteamh an dá bheart chéanna.

4.3. Rud eile fós, tá oibleagáidí an dáileora nasctha leis na hoibleagáidí a bhfuil cur síos orthu sa Treoir athbhreithnithe maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí ([9]) agus leis an reachtaíocht athbhreithnithe maidir le táirgí (rialacha sorianaitheachta).

4.4. Sin mara atá an scéal i gcás na margaí freisin. Maidir leis an reachtaíocht i leith na seirbhísí digiteacha, is ann a thugtar isteach oibleagáid "na haithne ar na trádálaithe", oibleagáid faoina n-áirítear sonraí teagmhála an mhonaróra agus an duine atá freagrach san Aontas. Rud eile fós, in Airteagal 5(3) den treoir chéanna – an togra reachtaíochta bunaidh i leith na seirbhísí digiteacha – leagtar síos na coinníollacha atá ag gabháil le séanadh na díolúine ó dhliteanas i gcás na n-ardán nuair atá easpa eolais ann i dtaobh an díoltóra. Tá oibleagáid inchomparáide ann sa treoir *Omnibus*: mura soláthraítear an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Cosaint na dTomhaltóirí (AE) 2019/2161 ([10]), is é an t-ardán a ghlacann an fhreagracht a bhíonn ar an díoltóir as cosaint na dtomhaltóirí. Cé gur oibleagáidí iad sin atá inchomparáide le chéile, níl siad ar aon fhoclaíocht leis an togra. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh níos mó comhsheasmhachta ann nuair is í an oibleagáid chéanna atá á dréachtú.

---

([5]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

([6]) COM(2020) 825 final – 2020/0361 (COD).

([7]) (i) monaróir atá bunaithe san Aontas; (ii) allmhaireoir (de réir an tsainmhínithe atá leagtha síos san Aontas) i gcás nach san Aontas atá an monaróir bunaithe; (iii) ionadaí údaraithe (de réir an tsainmhínithe atá leagtha síos san Aontas) a bhfuil sainordú i scríbhinn aige ón monaróir le cúraim a chur i gcrích thar a cheann; nó (iv) soláthraí seirbhíse comhlíonta atá bunaithe san Aontas i gcás nach bhfuil aon mhonaróir, allmhaireoir ná ionadaí údaraithe bunaithe san Aontas.

([8]) Oifig an Aontais Eorpaigh do Thomhaltóirí – www.beuc.eu

([9]) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).

([10]) Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí (IO L 328, 18.12.2019, lch. 7).

4.5. **Faoin gcóras nua atá ann feasta, is féidir cúiteamh a fháil freisin ar chaillteanais a tharlaíonn arís agus arís eile de dheasca seirbhísí digiteacha atá lochtach**. Ar an gcéad dul síos, is freagra sonrach atá sa tionscadal comhthreomhar atá á mholadh ag an gCoimisiún Eorpach ar an dliteanas i réimse na hIntleachta Saorga. San am céanna, tá freagra á thabhairt do na húsáideoirí ag an gCoimisiún maidir le locht a bheith ar cheann de na "comhpháirteanna digiteacha", freagra atá á tabhairt trí bhíthin bearta éagsúla:

— na sainmhínithe ar chomhpháirt (Airteagal 4(3)), ar sheirbhís ghaolmhar (Airteagal 4(4)) agus ar an monaróir féin (Airteagal 4(11)), is sainmhínithe iad a chumhdóidh feidhmchláir agus bogearraí eile atá "comhtháite nó idirnasctha" le táirge na sainmhínithe ar chomhpháirt (Airteagal 4(3)), ar sheirbhís ghaolmhar (Airteagal 4(4)) agus ar an monaróir féin (Airteagal 4(11));

— rud eile de, caillteanais ábhartha a tharla de bharr sonraí a bheith imithe amú, sin nó de bharr saobhadh a bheith déanta orthu, is caillteanais iad atá á n-aithint feasta mar dhamáiste a bhfuil an ceart chun cúitimh ag dul leis;

— ar an ásc deiridh, an leithscéal nárbh ann don locht nó don fhabht nuair a cuireadh an táirge ar an margadh, ní leor é d'argóint le go dtabharfaí díolúine do mhonaróir na seirbhísí gaolmhara ón dliteanas atá air.

4.6. Tacaíonn CESE leis na bearta atá dírithe ar theicneolaíochtaí digiteacha a chumadh mar chuid den togra seo. Mar sin féin, iarrann sé ar na comhreachtóirí reachtaíocht chomhthreomhar a glacadh le déanaí a chur san áireamh, mar aon le reachtaíocht atá faoi chaibidil i láthair na huaire, reachtaíocht lena n-áirítear RGCS ([11]), an togra maidir le dliteanas IS, an Gníomh um Intleacht Shaorga, an Gníomh um Shonraí, an Rialachán Ginearálta maidir le Sábháilteacht Táirgí, Treoir NIS 2 ([12]) agus an Gníomh um Chibear-Athléimneacht). Is mithid an comhleanúnachas a áirithiú agus dúbláil na mbeart dlíthiúil a sheachaint.

4.7. Tugann an togra aghaidh ar na deacrachtaí a tháinig aníos nuair a bhíothas ag iarraidh faisnéis theicniúil a fháil nó a thuiscint ar bhealaí éagsúla. Tá feidhm ag an gcreat dlíthiúil atá i gceist i gcás ina ndearna táirge damáiste ábhartha do dhuine nó dá mhaoin agus dá shealús. Is minic na táirgí seo casta ó thaobh na heolaíochta nó ó thaobh na teicneolaíochta de. In 1985, thug an Coimisiún Eorpach freagra ar scéal chastacht na dtáirgí atá i gceist nuair a chuir sé an dliteanas saor ó locht i gcorp an dlí shibhialta. Sa chomhthéacs sin, ní mór don ghearánach cruthúnas a sholáthar faoin locht atá ar an táirge, sin agus faoin damáiste agus faoin nasc cúise idir an dá pháirtí chun cúiteamh cóir a ghnóthú as an damáiste a rinneadh dó. Ní gá cruthúnas a sholáthar i leith an mhilleáin a bhí ar an táirgeoir. D'admhaigh an tAontas Eorpach i mbrollach an téacs gur rud riachtanach atá sa dliteanas saor ó locht chun déileáil leis an méadú atá ag teacht ar an teicniúlacht lenár linn. An sárú seo ar an dlí sibhialta, ba mhór an simpliú ann féin é don ghearánach. Mar sin féin, sa phróiseas athbhreithnithe reachtach atá ar bun faoi láthair, mhol eagraíochtaí na dtomhaltóirí dul níos faide leis an scéal agus dualgas an chruthúnais a chur as an áireamh, sin nó cosc a chur ar an díolúine i leith eolas lucht eolaíochta. Níor ghéill an Coimisiún Eorpach don dá bheart sin, ach tá tograí nua tugtha isteach aige chun freastal ar éilimh na dtomhaltóirí.

4.8. Dá bhrí sin, tá bearta nua sa togra maidir le nochtadh fianaise agus maidir le toimhde an lochta nó toimhde na cúise. Maidir leis an gcéad phointe, is éard atá i gceist anseo an ceart seo a chruthú ar an leibhéal Eorpach. Na rialacha atá ag formhór na mBallstát sa lá atá inniu ann, is rialacha iad atá an-chosúil le chéile. Maidir leis an dara pointe, is códú ar an gcásdlí atá i gceist leis, rud a mheastar a bheith fabhrach don ghearánach i mír 5.

4.9. **Tugann an togra ón gCoimisiún aghaidh chomh maith ar chásanna ina ndéantar damáiste blianta beaga nó blianta móra tar éis cheannach an táirge nó tar éis a chur ar an margadh**. Tá dhá fhreagra éagsúla ann. Maidir le cúrsaí digiteacha (rud a bhfuil baint aige leis an tseirbhís), níl aon díolúine ann i ndáil leis an dóchúlacht nárbh ann don locht an uair a cuireadh an táirge ar an margadh nó an uair a cuireadh chun seirbhíse é. Rud eile fós, is baol gur casta an argóint a bheadh le déanamh ar son díolúine i gcás táirgí úrscothacha na teicneolaíochta. Ar an ásc deiridh, substaintí contúirteacha nach léir ach le himeacht aimsire cén díobháil a dhéanann siad do chorp an duine, is teorainn 15 bliana atá á cur leis an tréimhse teorann atá leo.

## 5. **Measúnú ar bhearta a fhreagraíonn d'éileamh na ngnólachtaí**

5.1. **Is coincheap ríthábhachtach é coincheap an athraithe shubstaintiúil sa chóras sin, agus ba cheart sainiú agus soiléiriú a dhéanamh air**. Is é atá i gceist leis an modhnú substaintiúil ar tháirge dliteanas an údair agus síneadh a chur leis an tréimhse teorann. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an coincheap sin a shoiléiriú ar bhonn na Treorach goirme ([13]).

([11]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([12]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

([13]) Táirge a ndearnadh athruithe móra air nó a ndearnadh cóiriú mór air tar éis a chur chun seirbhíse, is mar tháirge nua is ceart an táirge sin a mheas más rud é: i) gur athraíodh an fheidhmíocht atá ann, nó an cuspóir atá leis, nó an cineál táirge ann atá ó thaobh a thionscnaimh de, gan foráil ina thaobh sin a bheith déanta sa bhunmheasúnú riosca; ii) go bhfuil athrú tagtha ar an gcineál contúirte atá ann dá bharr, nó más rud é go bhfuil méadú tagtha ar an leibhéal riosca i gcomparáid le reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais; iii) go gcuirtear an táirge ar fáil (nó má chuirtear chun seirbhíse é má áirítear an cur chun seirbhíse laistigh dá raon feidhme freisin sa reachtaíocht is infheidhme). Cás ar chás is ceart sin a mheas, go háirithe i bhfianaise an chuspóra atá leis an reachtaíocht, agus i bhfianaise na gcineálacha táirgí a chumhdaítear sa reachtaíocht atá i gceist.

5.2. **Measúnú na gcásanna a bhfuil mír amháin sa triptic (locht/damáiste/nasc cúise) nach bhfuil gá le cruthúnas ina taobh**. Is é foráil atá in Airteagal 9 go gcinnteoidh na Ballstáit gur ar an ngearánach a bheidh sé de dhualgas cruthúnas a sholáthair faoin locht, faoin damáiste agus faoin nasc cúise. Dá bhrí sin, is gá cruthúnas a sholáthar faoin damáiste ábhartha nó neamhábhartha a rinneadh don duine nó dá mhaoin phearsanta, nó faoi na sonraí a chuaigh amú, sin nó na sonraí a ndearnadh saobhadh orthu, mar aon le cruthúnas faoin locht nó faoin bhfabht a bhí sa táirge nó i gceann dá chuid comhpháirteanna (airteagal/seirbhís), chomh maith le cruthúnas faoin nasc atá eatarthu. Ní miste a thabhairt faoi deara gur i gcomhthéacs imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh cheana féin a bhunaítear dualgas an chruthúnais. Dá bhrí sin, is éard a measadh go raibh an gearán inghlactha a dhóthain, sin agus go raibh an damáiste suntasach a dhóthain don duine aonair le caingean dlí a lorg, rud a chuireann costas nach beag ar an ngearánach *a priori*.

5.2.1. Ar an gcéad dul síos, in Airteagal 9(3) maidir le dualgas an chruthúnais go cruinn beacht, sonraítear na cásanna inarb é toimhde atá ann nasc cúise a bheith idir an damáiste agus an locht, is é sin i gcás ina gcruthaítear locht a bheith ar an táirge, agus i gcás ina gcruthaítear gur damáiste é den chineál a bhaineann go sonrach leis an locht den chuid is mó. Sa chás sin, nuair is slán don chruthúnas gurb ann don locht nó don fhabht, níl le cruthú ach an caillteanas ábhartha féin arbh é an damáiste ba chúis leis. Is de bhun na dtoimhdí is féidir an cruthúnas i leith nasc na cúise a sholáthar. Tá sé le tuiscint go bhfuil dealramh ag an bhforáil seo le hadmháil go bhfuil baol mainneachtana ann. I gcás mar sin, monaróir a thuig locht nó fabht a bheith i dtáirge dá chuid, caithfidh an monaróir sin gach táirge sa bhaisc a aisghairm nó a tharraingt siar ón margadh. Bheadh cuid mhór dramhaíle ann de thoradh ar bhainistiú den sórt sin.

5.2.2. Ar an dara dul síos, in Airteagal 9(4), sonraítear na cásanna ina bhfuil an cruthúnas faoin locht nó faoin bhfabht agus faoi nasc na cúise bunaithe ar an dóchúlacht. D'fhéadfadh sé sin tarlú i gcásanna inarb é cinneadh na Cúirte go bhfuil sé ródhoiligh don iarratasóir an cruthúnas a aimsiú de dheasca chastacht na teicneolaíochta nó castacht na heolaíochta. Dá bhrí sin, ní mór don ghearánach a chruthú gur ar an táirge a bhí cuid den mhilleán faoin damáiste, mar aon leis an dóchúlacht gur lochtach don táirge, nó an dochúlacht go raibh nasc idir an locht nó an fabht agus an damáiste. I gcás mar sin, is go heolaíoch is ceart an locht nó an nasc cúise a chruthú.

5.2.3. Chun measúnú a dhéanamh ar an bhforáil sin, ní mór tagairt a dhéanamh don chásdlí is bunús léi. Dá bhrí sin, i gcás Sanofi Pasteur ([14]), ós amhlaidh go bhfuil níos mó ná tuiscint amháin le baint as fianaise na heolaíochta, is éard a mheasann na cúirteanna gur féidir fianaise láidir bheacht chomhsheasmhach a sholáthar ar an easpa vacsaíne agus ar an nasc cúise idir an locht agus an tinneas. Tá an nós imeachta simplithe go mór ar son an ghearánaigh, agus ní mór dó sraith eilimintí fíorasacha agus neamheolaíocha a sholáthar i ndeireadh na dála. I gcásanna casta áirithe, admhaíonn CESE gur ceart do bhreitheamh measúnú a dhéanamh ar choincheap seo "dhóchúlacht na mainneachtana", ach gan é sin a bheith ina chúis le toimhde uathoibríoch na cúise.

An Bhruiséil, an 24 Eanáir 2023.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Christa SCHWENG

([14]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Meitheamh 2017,N. W agus daoine eile v Sanofi Pasteur MSD SNC agus daoine eile, C-621/15, ECLI:EU:C:2017:48.